Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13617/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0309 (NLE)**

**POLCOM 285**
**COASI 114**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13607/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a mhéid a bhaineann le treoirlínte oibríochtúla le haghaidh riar Fhóram na Sochaí Sibhialta a ghlacadh<br>– Glacadh |

1. An 30 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (13607/25 + ADD 1).

2. An 9 Deireadh Fómhair 2025, scrúdaigh an Coiste um Beartas Trádála (Ionadaithe) an togra ón gCoimisiún agus d'fhormhuinigh sé é.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 13620/25 + ADD 1 é, a ghlacadh;

- a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste um Thrádáil den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn, mar a leagtar amach in 13620/25 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é; agus
- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.